



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta

Treoirlínte chun tacú leis an
Staidéar Taighde

An Clár Ábhar

Réamhrá	1
Measúnú don Teistiúchán in Eacnamaíocht	2
Staidéar Taighde	3
An Próiseas chun Staidéar Taighde a Dhéanamh	5
Am a theastaíonn	9
Tuairisc an Staidéir Taighde	10
Na Critéir Mheasúnaithe don Staidéar Taighde	12
Idirdhealú sa Staidéar Taighde	14
Ról an Mhúinteora	14
Oiriúntais Réasúnta/Ionchuimsiú	16
Naisc úsáideacha	17
Aguisín A: Treoir maidir le Tagairt a Dhéanamh d'Fhoinsí Faisnéise	18

Réamhrá

Sa cháipéis seo, *Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta: Treoirlínte chun tacú leis an Staidéar Taighde le haghaidh Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta*, cuireann seo ar fáil

- sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an Staidéir Taighde, a bhfuil cur síos air sa tsonraíocht churaclaim le haghaidh Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta
- treoirlínte agus tacaíocht don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis an Staidéar Taighde a chur i gcrích.

Ba chóir na treoirlínte seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht churaclaim le haghaidh Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta, atá ar fáil ar <https://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/Economics/?lang=ga-ie>.

Tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit freagrach as forbairt, measúnú, creidiúnú agus teastasú scrúduithe dara leibhéal stáit na hÉireann. Is féidir treoir chomónta, ina bhfuil teoracha agus soiléiriú d'iarrthóirí scrúdaithe maidir leis na nósanna imeachta chun Tuairisc Staidéir Taighde a chríochnú agus a chur isteach, a fháil ar shuíomh gréasáin CSS ag www.examinations.ie.

Measúnú don Teistiúchán in Eacnamaíocht

Tá an measúnú don teistiúchán bunaithe ar aidhm, ar chuspóirí agus ar thorthaí foghlama shonraíocht Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta. Is féidir teacht ar shonraíocht Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta ar <https://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/Economics/?lang=ga-ie>.

COMHPHÁIRTEANNA MEASÚNAITHE

Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe in Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta:

- scrúdú scríofa (80%)
- staidéar taighde (20%)

Léirítear an gaol idir cur i bhfeidhm scileanna agus ábhar teoiriciúil na sonraíochta sa dá chomhpháirt mheasúnaithe. Baintear idirdhealú amach sa mheasúnú trí scrúduithe scríofa ar dhá leibhéal – Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Beidh an staidéar taighde bunaithe ar threoir a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit gach bliain. Eiseofar treoir chomónta don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal. D'fhéadfadh go mbeadh scéim mharcála idirdhealaithe i bhfeidhm.

Modh	Am			Ualú Gnáthleibhéil	Ualú Ardleibhéil
Scrúdú scríofa	Deireadh an dara bliain			80%	80%
		Roinn A	Rogha de cheisteanna gearrfhreagra	20%	20%
		Roinn B	Rogha de cheisteanna freagra fhada	60%	60%
Staidéar taighde	Téarma 1 de Bhliain 2		Tuairisc	20%	20%
Iomlán				100%	100%

Staidéar Taighde

Ach staidéar taighde a dhéanamh, tugtar deis don scoláire taighde agus anailís a dhéanamh ar shaincheist, ar fhadhb nó ar cheist eacnamaíoch, torthaí a mheas agus machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama féin. Déanfar measúnú sa staidéar taighde ar chumas an scoláire an t-eolas, an tuiscint, na coincheapa agus na scileanna a d'fhorbair sé agus é i mbun na hEacnamaíochta a úsáid chun faisnéis agus sonraí a mheas, agus teacht ar chonclúidí eolacha. Is féidir leis an scoláire na príomhscileanna – próiseáil, cumarsáid, smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, a bheith éifeachtach go pearsanta agus oibriú le daoine eile – a chur i bhfeidhm agus é rannpháirteach sa staidéar taighde.

Bunófar an staidéar taighde ar threoir a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit gach bliain. Eiseofar treoir chomónta don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal. Tabharfar breac-chuntas ar thopaicí óna roghnóidh an scoláire topaic ar a mbunófar a staidéar taighde. Tabharfar breac-chuntas sa treoir freisin ar na paraiméadair don staidéar taighde agus don tuairisc ar an staidéar taighde a chuirfear faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena measúnú. Cuirfear an staidéar taighde i gcrích sa séú bliain.

Ní mór don scoláire díriú ar líne fiosrúcháin amháin a bhaineann leis topaic a roghnaíodh don staidéar taighde. Ach sin a dhéanamh léiríonn an scoláire gur féidir leis na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- taighde a dhéanamh agus próiseáil a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar sonraí atá ábhartha agus fiúntach chun tuiscint a fháil ar shaincheist, fadhb nó ceist eacnamaíoch ar leith.
- coincheapa, samhlacha agus teoiricí a chur i bhfeidhm sa mheastóireacht ar fhaisnéis agus ar sonraí chun tátal eolach a bhaint astu.

Ba cheart go mbeadh suim ag an scoláire sa ghné den eacnamaíocht lena mbaineann an taighde agus ba cheart go mbainfeadh an ghné sin leis na torthaí foghlama sa tsonraíocht

d'Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta.

D'fhéadfaí saincheist, fadhb nó ceist a scrúdú ar leibhéal pearsanta, áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta sa staidéar taighde.

Tugtar faoi deara nach ndéantar measúnú ar an tionscadal taighde féin; déantar measúnú ar thuairisc an scoláire ar an staidéar taighde. Is fiú 20% d'iomlán na marcanna an tuairisc ar an staidéar taighde. Agus an staidéar taighde á dhéanamh, moltar go láidir don scoláire punann/filteán a choimeád (cóip chrua/go digiteach) den próiseas taighde. Beidh sé níos éasca leis sin an Tuairisc ar an Staidéar Taighde a scríobh. Ní mór do gach scoláire tuairisc **aonair** ar an staidéar taighde a scríobh ar féidir leis an múinteoir í a fhíordheimhniú.

An Próiseas chun Staidéar Taighde a Dhéanamh

Mar chuid den staidéar taighde, díreoidh an scoláire ar líne fiosrúcháin áirithe a bhaineann le topaic thaighde. Tabharfar rogha topaicí, a bhaineann le mórthéama eacnamaíoch, don scoláire. Eascróidh na topaicí as eolas agus as ábhar a bhaineann le torthaí foghlama na sonraíochta.

Chun an staidéar taighde a dhéanamh, ní mór don scoláire na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. Díriú ar líne fiosrúcháin amháin a bhaineann leis an topaic thaighde a roghnaíodh.
D'fhéadfadh sé go mbeadh suim phearsanta, áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta sa líne fiosrúcháin sin. Ní mór go mbeadh baint ag an líne fiosrúcháin sin le heolas agus le hábhar i dtorthaí foghlama Shonraíocht Eacnamaíochta na hArdteistiméireachta.
2. Foinsí faisnéise agus sonraí ábhartha iontaoifa a roghnú Ba cheart go mbeadh idir fhoinsí cáilíochtúla agus cainníochtúla i gceist agus ba cheart go mbainfidís le líne fiosrúcháin an scoláire.
3. Coincheap ábhartha eacnamaíoch a chur i bhfeidhm ar an líne fiosrúcháin sin.
4. Foinsí eolais a anailísiú agus a mheas chun breithiúnas eolach a dhéanamh ar an líne fiosrúcháin
5. Tátail a bhaint maidir leis an líne fiosrúcháin.
6. Machnamh a dhéanamh ar eolas, tuiscint agus scileanna nua a d'fhoghlaim sé agus ar an gcaoi ar athraigh a smaointeoireacht mar gheall ar an staidéar taighde a dhéanamh.

1. LÍNE FIOSRÚCHÁIN AMHÁIN A ROGHNÚ A BHAINNEANN LEIS AN TOPAIC THAIGHDE A ROGHNAÍODH

Ní mór don scoláire an líne fiosrúcháin a roghnaigh sé a chur i láthair mar cheist, fadhb nó

saincheist eacnamaíoch ar mhaith leis aghaidh a thabhairt uirthi bunaithe ar an topaic a roghnaítear. Ní mór an líne fiosrúcháin a roghnú go cúramach agus ba cheart an rogha a dhéanamh i gcomhairle leis an múinteoir. Níor cheart don scoláire obair shuntasach a dhéanamh ar an staidéar taighde go gceadóidh an múinteoir an líne fiosrúcháin. Má bhíonn fíospéis ag an scoláire sa líne fiosrúcháin a roghnaítear don staidéar taighde, d'fhéadfadh sé go gcabhródh an tionscadal taighde leis an scoláire teoiric agus cleachtas na heacnamaíochta a nascadh agus go gcuirfeadh sé ar chumas daoine óga a bheith ina saoránaigh níos gníomhaí agus níos eolaí. Chun cabhrú leis an scoláire líne fiosrúcháin a roghnú, ba cheart dóibh machnamh a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Céard atá ar eolas agam faoi thopaic mo staidéir taighde cheana féin?
- Cad eile is gá dom a fháil amach faoi topaic mo staidéir taighde?
- Cad í an cheist/fhadhb/argóint/saincheist lárnach?
- Cén fáth gur ceist, fadhb, argóint/saincheist thábhachtach í seo?

2. FOINSÍ ÁBHARTHA IONTAOFA FAISNÉISE AGUS SONRAÍ A ROGHNÚ

Ní mór don scoláire foinsí ábhartha iontaofa faisnéise agus sonraí a roghnú. D'fhéadfadh an scoláire taighde deisce (tánaisteach) agus/nó taighde allamuigh (príomhúil) ar an líne fiosrúcháin. Chun cabhrú leis an scoláire ag an gcéim seo den phróiseas, ní mór dó machnamh a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Cad iad na hacmhainní príomhúla agus/nó tánaisteacha eile is féidir liom a úsáid?
- Cén chaoi a bhfuil a fhios agam go bhfuil an fhaisnéis bailí agus iontaofa? An gá dom claontacht a mheas?
- An foinsí cainníochtúla nó foinsí cáilíochtúla iad nó meascán den dá rud?
- Cén bhaint atá ag an bhfaisnéis leis an líne fiosrúcháin.
- Cén fhaisnéis eile atá de dhíth orm?
- Cad iad na codanna a thacaíonn/nach dtacaíonn leis an bhfiosrúchán atá ar bun agam?
- Cén t-ualú nó béim a chuirfidh mé ar na codanna éagsúla?
- An dtarraingítear ceisteanna/samhlacha/coincheapa nó teoiricí nua anuas?

D'fhéadfadh an scoláire leabhair, ailt ó irisí, nuachtáin, suíomhanna idirlín agus foinsí eile a úsáid don taighde deisce d'fhonn sonraí, smaointe agus eolas a bhailiú don staidéar taighde. Mar sin féin, ní mór don scoláire taighde allamuigh (príomhúil) a dhéanamh as féin. Ba cheart don scoláire foinsí cáilíochtúla agus cainníochtúla eolais agus sonraí a úsáid.

Ní mór na foinsí tánaisteacha ar fad a lua, nuair a úsáidtear athfhriotail, parafrása nó nuair a bhaintear úsáid as smaointe duine eile. Sula n-úsáidtear ábhar ón idirlíon, ní mór don scoláire iontaofacht agus bailíocht an ábhair a mheas. Tugtar tuilleadh eolais maidir le foinsí a lua in Aguisín A ar leathanach 19.

3. COINCHEAP ÁBHARHA EACNAMAÍOCH A CHUR I BHFEIDHM AR AN LÍNE FIOSRÚCHÁIN

Ní mór don scoláire tagairt a dhéanamh do choincheap eacnamaíoch amháin ar a laghad mar bhunús leis an taighde ar an líne fiosrúcháin agus ní mór dó an coincheap sin a mhíniú freisin.

4. FOINSÍ FAISNÉISE A ANAILÍSIÚ AGUS A MHEAS

Ní mór don scoláire foinsí sonraí agus faisnéise atá ábhartha don líne fiosrúcháin a bhailiú, a thaifeadadh agus a mheas. Ní mór don scoláire an fhianaise a mheas chun do dtiocfaidh sé ar thátail agus breithiúnais eolacha ar an líne fiosrúcháin.

5. TÁTÁIL A BHAINT

Baineann an scoláire tátail eolacha amach bunaithe ar an bhfuil sa taighde agus sna torthaí. Chun cabhrú leis an scoláire ag an gcéim seo den phróiseas, ní mór dó machnamh a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Cén tatal a bhain mé as an taighde agus cén fáth ar tháinig mé ar an tatal seo?
- An mbaineann sé leis an líne fiosrúcháin a roghnaigh mé?
- An bhfreagraíonn sé go maith don aidhm a bhí leis an taighde?
- Conas a bhaineann na tátail leis an gcoincheap eacnamaíoch ar ar bunaíodh an líne fiosrúcháin?
- Cad eile atá tábhachtach nó ábhartha?
- Ar tháinig ceisteanna nua chun cinn leis an taighde? Cad a d'fhéadfadh na ceisteanna seo a bheith?

6. MACHNAMH A DHÉANAMH AR EOLAS, AR THUISCINT AGUS AR SCILEANNA A FOGHLAIMÍODH AGUS AR AN GCAOI AR ATHRAIGH A PHRÓISEAS SMAOINTEOIREACHTA

Ní mór don scoláire machnamh a dhéanamh ar na tuiscintí nua atá aige mar thoradh ar an rannpháirtíocht sa staidéar taighde. Chun cabhrú leis an scoláire ag an gcéim seo den phróiseas, ba cheart dó machnamh a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Cén t-eolas nua agus/nó tuiscint nua atá agam anois agus cén fáth a bhfuil an t-eolas/an tuiscint nua seo tábhachtach?
- An raibh an próiseas taighde an-éifeachtach? Cé na gnéithe a bhí go maith agus cad ab fhéidir a fheabhsú?
- Ar fhorbair mé scileanna nua mar gheall ar an rannpháirtíocht sa staidéar taighde agus conas is féidir liom tairbhe a bhaint as an scil amach anseo san fhoghlaim/sa saol?
- Ar athraíodh an smaointeoireacht, an t-iompar nó na tuairimí a bhí agam ar bhealach ar bith mar thoradh ar an taighde seo?
- Ar tháinig ceisteanna eile/nua chun cinn sa phróiseas taighde maidir leis an líne fiosrúcháin?

Am a theastaíonn

Déantar an staidéar taighde agus an Tuairisc ar an Staidéar Taighde sa chéad téarma de bhliain a dó (an séú bliain). Ba cheart go dtógfadh sé 20 uair an staidéar taighde a dhéanamh thar thréimhse 6-8 seachtaine. Tar éis an tionscadal a chríochnú, ní mór don scoláire Tuairisc ar an Staidéar Taighde a scríobh as féin faoi mhaoirseacht an mhúinteora. Caithfidh an múinteoir a bheith sásta go bhfuil an scoláire aonair féin ag déanamh na hoibre agus, dá bhrí sin, caithfidh sé/sí dul i mbun na maoirseachta cuí.

Caithfidh obair an scoláire féin a bheith sa staidéar taighde. Cuirfear nósanna imeachta fíordheimhnithe chun feidhme lena chinntiú go gcomhlíonfar an riachtanas sin.

Tuairisc an Staidéir Taighde

Ní mór don scoláire Tuairisc ar an Staidéar Taighde a chur i láthair agus a leagan isteach san fhormáid a leagann Coimisiún na Scrúduithe Stáit amach. Eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit treoir chomóna gach bliain don scoláire atá i mbun Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta. Cuirtear san áireamh go mb'fhéidir nach mbeidh a fhios ag an scoláire fós cén leibhéal a dhéanfaidh sé don pháipéar scríofa tráth a bhfuil an staidéar taighde agus an tuairisc á ndéanamh aige. Dá bhrí sin, déanfar an Tuairisc a mharcáil ag an am céanna leis an bpáipéar scríofa agus déanfar an t-idirdhealú ag an bpointe sin. Ní mór an Tuairisc a chur i láthair i leabhrán comhlánaithe digiteach. Ní mór an Tuairisc a chur isteach faoi dheireadh Théarma 1 (An Nollaig) de Bhliain a 2 (leagfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an dáta beacht síos i gclár).

LEAGAN AMACH NA TUAIRISCE

Beidh na codanna seo a leanas sa Tuairisc ar an Staidéar Taighde:

- Réamhrá: déanfaidh an scoláire an líne fiosrúcháin ar leith is spéis leo bunaithe ar an topaic a roghnaítear a lua agus a mhíniú; Tugann sé breac-chuntas ar a n-aidhm don líne fiosrúcháin atá roghnaithe acu; roghnaítear foinsí ábhartha iontaofa faisnéise.
- An próiseas taighde: tagraíonn an scoláire don choincheap ábhartha eacnamaíocht mar bhonn don taighde agus míníonn sé an coincheap sin; déanann sé na foinsí faisnéise agus sonraí a roghnaigh sé a anailísiú agus a mheas; déanann sé an bhaint atá ag an anailís agus an mheasúnacht leis an líne fiosrúcháin a mheas.
- Tátail: léiríonn an scoláire a dtátail mar a bhaineann siad leis an líon fiosrúcháin.
- Machnamh: déanann an scoláire machnamh ar an eolas, na scileanna agus an tuiscint atá aige mar thoradh ar an staidéar taighde a dhéanamh; léiríonn sé an chaoi ar athraigh a smaointeoireacht, a mheon, a thuairimí nó a iompar mar thoradh ar an staidéar taighde a dhéanamh.

Ní mór sonraí ábhartha a chur i láthair i bhfoirm táblaí nó grafaicí nó i bhformáid eile atá oiriúnach chun na sonraí a chur i láthair go soiléir. Féadfaidh an scoláire graif, cairteacha, suirbhéanna nó íomhánna breise a bhaineann go díreach leis an staidéar taighde agus a thugann fianaise ar ghnéithe de phróiseas nó de thorthaí an staidéar taighde (mar shampla, uirlis suirbhéireachta, cairt achomair de na sonraí a bailíodh, grianghraf d'imeacht tábhachtach, etc.) a chur ar fáil sa Tuairisc ar an Staidéar Taighde. Ba cheart na híomhánna dá dtagraítear i gcorp na tuarascála a lipéadú i gceart.

Na Critéir Mheasúnaithe don Staidéar Taighde

Baineann na critéir mheasúnaithe le feidhmíocht scoláire Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil sa staidéar taighde, cé go mbeidh scéim marcála idirdhealaithe i bhfeidhm.

Cuirtear *ardleibhéal gnóthachtála* sa staidéar taighde in iúl trí dhul i ngleic go hiomlán leis an topaic. Tá tuairisc an scoláire fiúntach agus soiléir. Tá dóthain mionsonraí sa tuairisc chun fianaise nithiúil a thabhairt ar eolas agus tuiscint an scoláire, ach tá níos mó i gceist ná díreach athinsint fíricí agus faisnéise agus tarraingítear aird ar léargais agus ar fhoghlaim a rinne an scoláire. Léiríonn an scoláire go bhfuil sé ábalta taighde a dhéanamh ar fhaisnéis agus sonraí ó fhoinsí éagsúla, iad a roghnú, a eagrú agus a phróiseáil, ar mhaithe le hábharthacht agus iontaofacht ar bhealach an-tomhaiste. Cuireann sé coincheapa agus teoiricí i bhfeidhm go cruinn chun anailísiú agus meastóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar shonraí ó fhoinsí difriúla; beidh ionramháil na sonraí, nuair is cuí, ceart. Cuireann an scoláire conclúidí eolacha i láthair atá bunaithe go soiléir ar fhianaise. Léiríonn an scoláire cumas soiléir machnamh a dhéanamh ar an mbaint atá ag an topaic lena shaol féin agus an chaoi ar imríodh tionchar ar a mheon, a thuairimí agus/nó a iompar.

Cuirtear *leibhéal measartha gnóthachtála* sa staidéar taighde in iúl trí dhul i ngleic go maith leis an topaic. Tá an tuairisc soiléir agus, tríd is tríd, tugtar fianaise ar eolas agus tuiscint an scoláire, agus léirítear roinnt léargas ar fhoghlaim an scoláire. Tá an scoláire ábalta taighde a dhéanamh ar fhaisnéis agus sonraí ó fhoinsí éagsúla, iad a eagrú agus a phróiseáil. Cuireann sé coincheapa agus teoiricí ábhartha i bhfeidhm chun anailísiú agus meastóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar shonraí ó fhoinsí difriúla; beidh ionramháil na sonraí, nuair is cuí, ceart den chuid is mó. Cuireann an scoláire conclúidí measta i láthair atá bunaithe ar fhianaise den chuid is mó. Léiríonn an scoláire cumas éigin machnamh a dhéanamh ar an mbaint atá ag an topaic lena shaol féin agus an chaoi ar imríodh tionchar ar a mheon, a thuairimí agus/nó a iompar.

Cuirtear *leibhéal íseal gnóthachtála* sa staidéar taighde in iúl trí dhul i ngleic ar bhealach éigin leis an topaic. Tugtar achoimre bhunúsach sa tuairisc ar an topaic agus is beag léargas pearsanta a thugtar ar an bhfoghlaim. Cé go bhfuil roinnt fianaise sa tuairisc ar eolas agus tuiscint an scoláire, léiríonn an scoláire cumas teoranta taighde a dhéanamh ar fhaisnéis agus sonraí, iad a eagrú agus a phróiseáil. D'fhéadfadh cur i bhfeidhm na gcoincheap agus na dteoiricí, agus anailís agus meastóireacht ar fhaisnéis agus sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla, a bheith lochtach; beidh ionramháil na sonraí, nuair is cuí, bunúsach. Cuireann an scoláire roinnt conclúidí i láthair atá bunaithe ar fhianaise, ach d'fhéadfadh ábhar neamhábhartha a bheith ann freisin. Tá fianaise theoranta ar an gcumas machnamh a dhéanamh ar an mbaint atá ag an topaic lena shaol féin agus an chaoi ar imríodh tionchar ar a mheon, a thuairimí agus/nó a iompar.

Idirdhealú sa Staidéar Taighde

Maidir leis an tuairisc ar an staidéar taighde, beidh difreáil i gceist ag tráth an mheasúnaithe ach scéimeanna éagsúla marcála a úsáid ag Ardleibhéal agus ag Gnáthleibhéal. Beidh an scéim a úsáidfear ag brath ar an leibhéal a ghlac an t-iarrthóir sa scrúdú scríofa.

Ról an Mhúinteora

D'fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba chóir breathnú ar an bpróiseas leis an Staidéar Taighde a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfaidh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis. D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- Riachtanais an staidéir taighde a shoiléiriú
- Féachaint ar an treoir a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus an nasc atá ann leis an tsonraíocht a aithint.
- Na réimsí den tsonraíocht is gá don scoláire dul i ngleic leo go mbeidh an scoláire in ann rogha a dhéanamh idir na topaicí.
- Smaointeoireacht chriticiúil an scoláire i leith na dtopaicí a roghnófar a spreagadh ach machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna thíos:

Céard atá ar eolas agam faoi thopaic mo staidéir taighde cheana féin?

Cad eile is gá dom a fháil amach faoi topaic mo staidéir taighde?

Cad í an cheist/fhadhb/argóint/saincheist lárnach?

Cén fáth gur ceist, fadhb, argóint/saincheist thábhachtach í seo?

- A chinntiú go bhfuil an líne fiosrúcháin a roghnaíonn an scoláire oiriúnach agus go mbaineann sí le torthaí foghlama na sonraíochta.
- Éascú a dhéanamh ar rochtain a fháil ar acmhainní más féidir

- Treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach chun a chinntiú go gcríochnófar an staidéar taighde in am
- Tacaíochtaí a chur ar fáil don scoláire a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige, mar a dtugtar breac-chuntas orthu ar leathanach 17
- Tá sé tábhachtach a chinntiú go dtugann gach scoláire faoi líne éagsúil fiosrúcháin agus go bhfuil obair gach scoláire soiléir agus suntasach ionas gur féidir leis an múinteoir an saothar a fhíordheimhniú. Ní tionscadal grúpa é an staidéar taighde cé go spreagtar taighde agus plé comhoibríoch mar chuid den teagasc agus den fhoghlaim leanúnach.

Tabhair faoi deara nach féidir glacadh ach le hobair an scoláire féin le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Níl sé i gceist leis an leibhéal tacaíochta seo go mbeadh ar an múinteoir dréacht-tuairiscí a chur in eagar, ná téacs ná freagraí eiseamláire a chur ar fáil lena n-úsáid i bhfianaise an scoláire ar fhoghlaim.

Oiriúntais Réasúnta/Ionchuimsiú

Éilíonn an tsonraíocht Eacnamaíochta seo go rachadh an scoláire i ngleic le hanailís eacnamaíoch ar bhonn leanúnach i rith an chúrsa. Lena chois sin, tá staidéar taighde sa mheasúnú dá mbronntar 20% d'iomlán na marcanna. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag an mbéim sin ar ghníomhaíochtaí iniúchta do scoláire ag a bhfuil deacrachtaí fisiciúla/leighis/céadfacha agus/nó deacrachtaí foghlama ar leith. Chuige sin, dearadh scéim na Socruithe Réasúnta, a fheidhmíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit, chun cabhrú leis an scoláire san Ardteistiméireacht ag a bhfuil deacrachtaí fisiciúla/leighis/céadfacha agus/nó deacrachtaí foghlama ar leith.

Naisc úsáideacha

- Sonraíocht churaclaim Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta:
<https://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/Economics/?lang=ga-ie>
- Eolas cúlra faoi fhorbairt na sonraíochta le haghaidh Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta: <https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/%C3%A1bhair-agus-creata-faoi-fhorbairt/eacnama%C3%ADocht/>
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit: Beidh na treoracha ar fad maidir leis an Staidéar Taighde a dhéanamh agus a leagan isteach sa treoir a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit le linn an dara bliain den tsraith shinsearach ar www.examinations.ie.
- Tacaíochtaí do mhúinteoirí Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM):
<https://www.pdst.ie/sc/economics> agus www.scoilnet.ie

Aguisín A: Treoir maidir le Tagairt a Dhéanamh d'Fhoinsí Faisnéise

- Ní mór na foinsí taighde ar fad a úsáidtear (leabhair, ailt, suíomhanna gréasáin, agallaimh duine le duine, srl.) a admháil mar is cuí.
- Sa chás go luann an scoláire foinsí scríofa, ba cheart dó ainm an údair, teideal an leabhair nó an ailt, ainm an fhoilsitheora agus an bhliain foilsithe a thabhairt le hipearnasc agus dáta léite nó íoslódáilte má fhoilsítear ar líne iad.

Sampla:

Fitzgerald, J. (2019) Three Nobel Winners Prove Economics is not Such a Dismal Science (Irish Times) ar fáil <https://www.irishtimes.com/business/economy/three-nobel-winners-prove-economics-is-not-such-a-dismal-science-1.4054254> [Arna rochtain an 22/10/2019]

- Más mian leis an scoláire tagairt a dhéanamh do shuíomh idirlín nó foinse ar líne, ba cheart go mbeadh go leor sonraí cruinne ann chun go bhféadfaidh an scrúdaitheoir an tagairt a fhíordheimhniú. Moltar dó an méid seo a leanas a chur ar fáil: ainm an údair nó ainm na heagraíochta, teideal an leathanaigh nó an ailt, seoladh an tsuímh ghréasáin nó an URL, agus an dáta ar a léadh nó ar a íoslódáil an t-ábhar.

Sampla:

Central Bank of Ireland (2017) Is Brexit Keeping a Lid on Irish Inflation? ar fáil <https://www.centralbank.ie/publication/economic-letters/is-brexit-keeping-a-lid-on-irish-inflation> [Arna rochtain an 6/11/2019]

- Sa chás go bhfuil taighde príomhúil déanta ag an scoláire, ní gá ceistneoir/torthaí iomlána an tsuirbhé ná tras-scríbhinn agallaimh a chur san áireamh. Moltar go gcuirfeadh an scoláire sonraí ar fáil faoin taighde príomhúil a dhéantar sa chuid tagairtí agus leabharliosta den tuarascáil.

Samplaí:

Taighde príomhúil a rinneadh trí shuirbhé ón 4/10/2020 go dtí an 10/10/2020 le méid samplach de 10 bhfreagróir

Taighde príomhúil a rinneadh trí agallamh an 10/11/2020 le beirt agallaithe

- Is cion tromchúiseach í bradaíl. Bíonn bradaíl i gceist nuair nach gcuireann scoláire in iúl go soiléir go bhfuil sé ag baint úsáid as obair daoine eile. Ní cheadaítear ábhar a chóipeáil go díreach as foinsí tánaisteacha – seachas tagairtí riachtanacha, e.g. sainmhínte, sleachta gearra.